**Trascheist mhór i gcomhair freagra i scríbhinn G-001002/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**María Soraya Rodríguez Ramos**
thar ceann Ghrúpa Renew

Ábhar: An ceart chun comhshaoil shláintiúil a aithint

Tá iarrtha arís agus arís eile ag an bParlaimint go gcuirfí an ceart chun comhshaoil shláintiúil chun cinn. Go sonrach, tá iarrtha ag an bParlaimint go gcuirfeadh AE aithint dhomhanda an chirt chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe chun cinn ar an leibhéal domhanda[1].

Thairis sin, d'iarr sí ar an Aontas gníomhaíocht a dhéanamh chun an ceart chun comhshaoil shábháilte agus fholláin a thabhairt isteach i gCairt um Chearta Bunúsacha AE agus chun Airteagal 37 de a chomhlíonadh go hiomlán. Tá béim curtha ag an bParlaimint chomh maith ar an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar le stáit agus le gach gníomhaí institiúideach ábhartha atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cuí chearta an duine agus forálacha comhshaoil a áirithiú[2], agus ar an bhfíoras gur cheart do AE a bheith i gceannas ar an tionscnamh chun ceart comhchosúil a aithint go hidirnáisiúnta[3].

1. An bhféadfadh an Coimisiún míniú mionsonraithe a thabhairt ar a bhfuil déanta aige, agus ar a bhfuil i gceist aige a dhéanamh, chun a áirithiú go n-aithneofar an ceart chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe ar an leibhéal domhanda?

2. An aontaíonn an Coimisiún nach leor díreach céimeanna a ghlacadh ar an leibhéal domhanda ach go bhfuil gá leo freisin ar an leibhéal Eorpach?

3. An aontaíonn an Coimisiún leis an bParlaimint gur cheart an ceart chun comhshaoil shábháilte agus shláintiúil a chur san áireamh sa Chairt? Má aontaíonn, cad iad na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh, agus cad é an amlíne chuige sin? Mura n-aontaíonn, cén fáth?

---

1 Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 chuig an gComhairle maidir leis an 75ú agus an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0278), https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0278_GA.html

2 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2021 maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar chearta an duine agus ról na gcosantóirí comhshaoil i dtaca leis an ábhar sin, P9_TA(2021)0245), https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0245_GA.html

3 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ar Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0277), https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0277_GA.html